# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/2269 ÓN gCOMHAIRLE

**an 18 Samhain 2022**

**maidir le tacaíocht ón Aontas do chur chun feidhme tionscadail "An Nuálaíocht Fhreagrach a Chur Chun Cinn san Intleacht Shaorga ar mhaithe leis an tSíocháin agus an tSlándáil"**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa "Straitéis Dhomhanda do Bheartas Eachtrach Agus Slándála an Aontais Eorpaigh" don bhliain 2016, cuirtear i dtábhacht go gcuirfidh an tAontas dlús lena rannchuidiú leis an tslándáil chomhchoiteann.

(2) I Straitéis 2018 an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón, dar teideal "Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint", tugadh faoi deara go mbainfidh an tAontas úsáid as ionstraimí ábhartha chun tacú le taighde agus forbairt i réimse na teicneolaíochta iontaofa agus cost-éifeachtúla chun mionairm agus armáin éadroma agus a n-armlón a dhaingniú agus chun na rioscaí a bhaineann le hatreorú a mhaolú. Thairis sin, thug an Chomhairle dá haire, sna conclúidí uaithi maidir le glacadh na Straitéise sin, an comhthéacs slándála éabhlóidithe, lena n-áirítear bagairt na sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas agus forbairtí i ndearadh agus i dteicneolaíocht mionairm agus armáin éadroma a dhéanann difear do chumas rialtas aghaidh a thabhairt ar an mbagairt.

(3) Tugtar faoi deara sa Teachaireacht ón gCoimisiún ó 2018 dar teideal "Intleacht Shaorga don Eoraip" gurb é an prionsabal treorach maidir le tacaíocht do thaighde a bhaineann leis an intleacht shaorga ná forbairt "intleacht shaorga freagrach". Tugtar faoi deara inti freisin, ós rud é go bhfuil an intleacht shaorga intrádála go héasca thar theorainneacha, nach mbeidh inbhuanaithe sa réimse sin ach réitigh dhomhanda, agus go ndéanfaidh an tAontas úsáid intleachta saorga, agus teicneolaíochtaí i gcoitinne, a chur chun cinn chun dúshláin dhomhanda a réiteach, chun tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide agus chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(4) Thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dá aire ag Cruinniú Mullaigh Domhanda 2019 *"AI for Good"* [an Intleacht Shaorga ar mhaithe linn], go gcaithfimid, chun tairbhe a bhaint as an intleacht shaorga agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí, oibriú le chéile — rialtais, an lucht tionsclaíochta, an lucht acadúil agus an tsochaí shibhialta — chun creataí agus córais a fhorbairt lena gcumasaítear an nuálaíocht fhreagrach.

(5) Is mian leis an Aontas rannchuidiú le forbairt "intleacht shaorga fhreagrach", an tslándáil chomhchoiteann, agus an acmhainneacht chun tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuireann an intleacht shaorga ar fáil chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin don tsíocháin agus don tslándáil a bhaineann leis an intleacht shaorga.

(6) Ba cheart don Aontas tacú le cur chun feidhme an tionscadail, "An Nuálaíocht Fhreagrach a chur chun cinn san Intleacht Shaorga ar mhaithe leis an tSíocháin agus an tSlándáil",

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. D'fhonn go gcuirfear "An Straitéis Dhomhanda do Bheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh" a chur chun feidhme agus Straitéis an Aontais i gcoinne mionairm thine, airm thine, mionairm & armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón dar teideal "Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint" mar aon le Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Intleacht Shaorga don Eoraip" á gcur san áireamh, tacóidh an tAontas le cur chun feidhme an tionscadail, "An Nuálaíocht Fhreagrach a Chur Chun Cinn san Intleacht Shaorga ar mhaithe leis an tSíocháin agus an tSlándáil";

2. Beidh an cuspóir sonrach seo a leanas ag na gníomhaíochtaí tionscadail a dtacóidh an tAontas leis:

— tacú le rannpháirtíocht níos mó phobal na hintleachta saorga sibhialta chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta de dheasca gníomhaithe mífhreagracha a bheith i mbun taighde agus nuálaíochta sibhialta na hintleachta saorga a atreorú agus a mhí-úsáid, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: tuiscint níos fearr a chothú ar an gcaoi ar féidir le cinntí maidir le forbairt agus scaipeadh taighde agus nuálaíocht na hintleachta saorga tionchar a imirt ar na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid, agus ina dhiaidh sin riosca nó deiseanna don tsíocháin agus don tslándáil a chothú

— próisis, modhanna agus uirlisí freagracha nuálaíochta a chur chun cinn, lena bhféadfar a áirithiú go ndéanfar nuálaíochtaí sibhialta a chur i bhfeidhm go síochánta agus eolas faoin intleacht shaorga a scaipeadh go freagrach. Chuige sin, tacófar, tríd an tionscadal, le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta, taighde agus rannpháirtíochta lena ndéanfar an acmhainneacht a fheabhsú laistigh de chomhphobal sibhialta domhanda na hintleachta saorga chun go gcuirfear san áireamh na rioscaí síochána agus slándála a bhaineann le gníomhaithe mífhreagracha a bheith i mbun na hintleachta saorga sibhialta a atreorú agus a mhí-úsáid agus chun aghaidh a thabhairt ar an rioscaí sin trí phróisis fhreagracha nuálaíochta; agus an nasc idir iarrachtaí maolaithe riosca san intleacht shaorga fhreagrach sa réimse sibhialta a neartú leis na hiarrachtaí atá ar siúl cheana i bpobal na dí-armála, an rialaithe arm agus an neamhleata ar leibhéal idir-rialtasach.

3. Níl sé i gceist leis na gníomhaíochtaí agus na tionscadail dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 aon chaighdeáin, prionsabail nó rialáil nua a bhunú, ná dul isteach ar shlí eile i réimsí a thagann faoi inniúlacht na mBallstát. Ina ionad sin, tá sé i gceist iarrachtaí nuálaíochta freagraí sibhialta a fhorbairt chun go gcuirfear san áireamh rioscaí síochána agus slándála a bhaineann le gníomhaithe mífhreagracha a bheith i mbun IS sibhialta a atreorú agus a mhí-úsáid, agus oideachas a chur ar fáil maidir leis na hiarrachtaí idir-rialtasacha ábhartha atá ann cheana.

4. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), le tacaíocht ó Institiúid Idirnáisiúnta Stócólm um Thaighde ar an tSíocháin (SIPRI), a chuirfidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcrích.

3. Déanfaidh UNODA, le cúnamh SIPRI, a chúraimí a chomhlíonadh faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNCODA agus le SIPRI.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 1 782 285,71 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoinítear leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le UNODA. Sonrófar sa chomhaontú ranníocaíochta go bhfuil ar UNODA infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú sin i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha comhpháirteacha gach ráithe arna n-ullmhú ag UNODA agus SIPRI. Beidh na tuarascálacha sin ina mbonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú rannpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh an Cinneadh seo in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm murar ndéantar aon chomhaontú den sórt sin a thabhairt i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

*IARSCRÍBHINN*

# DOICIMÉAD TIONSCADAIL

## Nuálaíocht Fhreagrach in IS a chur chun cinn ar mhaithe leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil

## 1. CÚLRA

Mar thoradh ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir leis an intleacht shaorga (IS), tá deiseanna nua ann chun tacú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil agus chun an tsíocháin agus an tslándáil a chothú, mar shampla, trí fheabhsuithe teicneolaíochta i réimsí amhail luathrabhadh coinbhleachta, agus fíorú ar rialú airm agus onnmhairí. Ar an taobh eile, leis an dul chun cinn sin, táthar in ann bealaí nua a chruthú chun teannais, coinbhleachtaí agus neamhshláine idir stáit agus laistigh díobh a ghiniúint nó a ghéarú. Tá na rioscaí a bhaineann le feidhmeanna áirithe de IS, amhail córais arm uathrialaitheach marfach, tar éis teacht chun cinn mar shaincheist mhór imní don phobal rialaithe arm. Conair riosca amháin ar cheart aird níos mó a thabhairt uirthi, agus nach leor na hiarrachtaí maidir le rialú arm agus na hiarrachtaí taidhleoireachta atá á ndéanamh faoi láthair chun freagairt uirthi, is ea atreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht sibhialta IS arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha, lena n-áirítear gníomhaithe mailíseacha nach gníomhaithe stáit iad, amhail mí-úsáid líonraí sáraíochta giniúna chun "domhainbhrionnuithe" a chur ar fáil le haghaidh feachtais bhréagaisnéise.

Is teicneolaíocht chumasúcháin í IS a bhfuil acmhainneacht mhór maidir le húsáid ghinearálta aige. D'fhéadfadh gníomhaithe áirithe rochtain a fháil (sách éasca) ar thaighde agus nuálaíocht IS a fhorbraítear le haghaidh feidhmeanna sibhialtacha agus iad a athcheapadh le haghaidh úsáidí díobhálacha nó suaiteacha a d'fhéadfadh impleachtaí a bheith acu ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Ní feiniméin nua ná uathúla don intleacht shaorga iad atreorú agus mí-úsáid na teicneolaíochta sibhialtaí. I réimse gaolmhar na róbataice, léiríodh an méid sin le déanaí nuair a rinne Daesh/ISIS airm de ladrainn áineasa chun iad a úsáid sa tSiria. Ach i gcás IS, tá an fhadhb casta mar gheall ar an iliomad tosca: cineál doláimhsithe agus mearathraitheach algartam agus sonraí IS, rud a fhágann gur deacair aistriú/leathadh na nithe a rialú; ról ceannasach na hearnála príobháidí san éiceachóras taighde, forbartha agus nuálaíochta, lena bhfágtar go dteastaíonn léi algartaim dhílsithe a chosaint dá bharr; agus infhaighteacht dhomhanda an tsaineolais dhaonna agus na n-acmhainní ábhartha atá in ann teicneolaíochtaí IS a athchuspóiriú. Idir an dá linn, is rómhinic nach mbíonn na daoine a oibríonn ar IS san earnáil shibhialtach ar an eolas faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag atreorú agus mí-úsáid a gcuid oibre ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta nó bíonn drogall orthu páirt a ghlacadh sa phlé atá á dhéanamh cheana maidir le rioscaí IS i measc pobal rialaithe arm agus pobal neamhleata.

Ní mór tacaíocht a thabhairt ionas go mbeidh pobal sibhialtach IS níos rannpháirtí chun na rioscaí síochána agus slándála a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid theicneolaíocht shibhialtach IS arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha a thuiscint agus a mhaolú. I gcás Institiúid Idirnáisiúnta Stócólm um Thaighde ar an tSíocháin (SIPRI) agus Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), d'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí nuálaíocht fhreagrach a chur chun cinn a thuilleadh i bpobal sibhialtach domhanda IS. Leis an obair a rinne SIPRI agus UNODA roimhe seo léiríodh go bhféadfadh an nuálaíocht fhreagrach, mar shásra féinrialachais, uirlisí agus modhanna praiticiúla a chur ar fáil do phobal sibhialtach domhanda IS chun na rioscaí don tsíocháin agus don tslándáil a shainaithint, a mhaolú agus a chosc, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hatreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS. Le hobair SIPRI agus UNODA, sainaithníodh modheolaíochtaí agus roinnt tionscnamh leanúnach atá dírithe ar shibhialtaigh maidir le IS freagrach a d'fhéadfaí a fhorbairt chun pobal sibhialtach IS a íogrú i ndáil le saincheisteanna rialaithe agus neamhleata arm, díospóireachtaí saineolaithe agus seasaimh stáit maidir le forbairt, scaipeadh agus úsáid fhreagrach IS, chomh maith le ceachtanna atá le foghlaim ó obair freagrachta na hearnála cosanta ([1]). Go criticiúil, sainaithníodh rannpháirtíocht le mic léinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) go soiléir san obair roimhe seo, ar mic léinn iad a bhíonn fós ag déileáil le IS i bhformáid oideachais, mar chuid lárnach d'aon iarracht éifeachtach maidir le nuálaíocht fhreagrach.

## 2. CUSPÓIRÍ

Is é is aidhm do na tionscadail sin tacú le pobal sibhialtach IS a bheith níos rannpháirtí chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hatreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha. Is é is aidhm dóibh é sin a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, trí thuiscint níos fearr a chruthú ar conas is féidir le cinntí maidir le taighde agus nuálaíocht IS a fhorbairt agus a scaipeadh tionchar a imirt ar na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid, agus ina dhiaidh sin riosca nó deiseanna maidir leis an tsíocháin agus leis an tslándáil a ghiniúint, agus ar an dara dul síos, trí phróisis, modhanna agus uirlisí nuálaíochta freagraí a chur chun cinn lena bhféadfar cuidiú le cur i bhfeidhm síochánta nuálaíochtaí sibhialtacha agus scaipeadh freagrach eolais IS a áirithiú. Chuige sin, tacaíonn siad le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta, taighde agus rannpháirtíochta (*i*) a chuirfidh feabhas ar an acmhainneacht laistigh de phobal sibhialtach domhanda IS na rioscaí

(1) Áirítear ar na modheolaíochtaí, mar shampla, cleachtais arna moladh ag Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonaice (IEEE) chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na gcóras uathrialaitheach agus cliste ar dhea-bhail an duine (Caighdeán IEEE 7010-2020), An Liosta Measúnaithe maidir le hIntleacht Shaorga Iontaofa (ALTAI)de chuid an Ghrúpa Saineolaithe Ardleibhéil maidir le Intleachta Saorga. I measc na dtionscnamh tá: Tionscnamh domhanda IEEE maidir le heitic do chórais uathrialaitheacha agus chliste de chuid; an Chomhpháirtíocht maidir le IS; an Chomhpháirtíocht Dhomhanda maidir le IS.

síochána agus slándála a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid IS sibhialtaigh arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha a áireamh agus aghaidh a thabhairt orthu trí phróisis nuálaíochta fhreagracha; agus (*ii*) an nasc idir iarrachtaí maolaithe riosca in IS freagrach sa réimse sibhialtach a neartú leis na hiarrachtaí atá ar siúl cheana sa phobal dí-armála, rialaithe arm agus neamhleata ar leibhéal idir-rialtasach. Thar aon ní eile, níl sé i gceist acu aon chaighdeáin, aon phrionsabail ná aon rialachán nua a bhunú, ná dul isteach i réimsí a thagann faoi inniúlacht na Stát ar bhealach eile. Ina ionad sin, tá sé ar intinn acu iarrachtaí maidir le nuálaíocht shibhialtach fhreagrach a fhorbairt chun rioscaí síochána agus slándála a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid IS sibhialtaigh arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha a áireamh, agus oideachas a chur ar fáil maidir leis na hiarrachtaí idir-rialtasacha ábhartha atá á ndéanamh cheana.

Chun teagmháil a dhéanamh le pobal sibhialtach IS agus tionchar éifeachtach a imirt orthu, úsáidtear cur chuige trí bheann sna tionscadail, lena bhféachfar leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) *teagmháil a dhéanamh le hoideoirí* - oibriú le hoideoirí roghnaithe agus le forbróirí curaclaim acadúla maidir le forbairt agus cur chun cinn ábhar oideachais is féidir a úsáid chun machnamh ar na rioscaí síochána agus slándála a eascraíonn as atreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht sibhialtach IS arna dhéanamh ag gníomhaithe neamhfhreagracha a phríomhshruthú in oiliúint chleachtóirí IS amach anseo (e.g. i gcúrsaí maidir le heitic IS agus nuálaíocht fhreagrach);

(b) *teagmháil a dhéanamh le mic léinn* - mic léinn roghnaithe i réimse na Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) ó gach cearn den domhan a chur ar an eolas maidir leis an gcaoi a bhféadfaí na rioscaí síochána agus slándála a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid fhorbairt shibhialtach IS arna dhéanamh gníomhaithe mífhreagracha a shainaithint, a chosc nó a mhaolú sa phróiseas taighde agus nuálaíochta nó trí phróisis rialachais eile; agus

(c) *teagmháil a dhéanamh le tionscal IS* - obair a dhéanamh le comhlachais ghairmiúla agus comhlachtaí caighdeán amhail Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonaice (IEEE) chun (i) ábhair oideachais agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta saincheaptha a scaipeadh ar ghairmithe teicniúla; (ii) tacú le húsáidí IS atá dearfach maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil; agus (iii) idirphlé agus comhroinnt faisnéise a éascú idir saineolaithe ón saol acadúil, ón earnáil phríobháideach agus ón rialtas maidir leis an gcaoi a bhféadfar maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha.

Le cur chuige den sórt sin, is féidir leis na tionscadail pobal IS a shroicheadh ar gach leibhéal, lena n-áirítear ní hamháin cleachtóirí atá ann faoi láthair ach na glúine atá le teacht freisin. Mar thoradh air sin freisin, is féidir rannpháirtíocht a bheith ann ar fud réimsí neamh-chomhtháite acadúla, tionscail agus eile, agus tacóidh sé le hinbhuanaitheacht na n-iarrachtaí a dhéanfar amach anseo trí líonraí a bhunú a thrasnaíonn na teorainneacha sin.

Féachann na tionscadail freisin le leas a bhaint as cumhacht agus taithí chomórtha SIPRI agus UNODA chun tionchar a imirt ar phobal IS ar fud an domhain, ní hamháin ar gheallsealbhóirí an Aontais. Tá SIPRI agus UNODA in áit uathúil chun teagmháil a dhéanamh le gníomhaithe IS ón Afraic, ón Áise-Aigéan Ciúin, ón Eoraip agus ó Mheiriceá Thuaidh agus ó Mheiriceá Theas agus chun an rannpháirtíocht sin a éascú. Tá taithí ag an dá eintiteas freisin ag obair h i réimsí eile eolaíochta agus teicneolaíochta a bhfuil dúshláin chomhchosúla rompu a bhaineann le dé-úsáid agus leathadh, lena n-áirítear biteicneolaíocht. Féachann na tionscadail freisin le leas a bhaint as na dálaí atá ann laistigh den Aontas Eorpach, amhail (a) ardphróisis ilgheallsealbhóra a bheith ann maidir le IS freagrach; (b) ardleibhéal rannpháirtíochta agus saineolais maidir le saincheisteanna dí-armála, rialaithe arm agus neamhleata san Aontas; (c) éagsúlacht na nasc atá ag eagraíochtaí acadúla, taighde agus na hearnála príobháidí san Aontas le réigiúin eile, go háirithe sa Domhan Theas, a bheidh mar sprioc mhór ó thaobh rannpháirtíochta de; agus (d) éagsúlacht náisiúntachtaí na mac léinn, na n-oideoirí agus na n-innealtóirí in ollscoileanna, in institiúidí taighde agus san earnáil phríobháideach.

Beidh cuimsiú mar chroí-chomaoin chun gníomhaíochtaí na dtionscadal a chur chun feidhme. Chun tacú go héifeachtach le pobal IS, aithnítear sna tionscadail go bhfuil réimse éagsúil gníomhaithe i bpobal IS, agus aithnítear go háirithe an méid seo a leanas:

(a) tá inscne mar fhachtóir an-ábhartha. Ar an gcúis sin, déanfar inscne a phríomhshruthú i gcomhréir le straitéisí uile-chórais na Náisiún Aontaithe maidir le príomhshruthú inscne agus paireacht. Beidh rannpháirtíocht na mban i ngach gníomhaíocht faoin tionscadal riachtanach agus spreagfar í sin; agus

(b) déanfar daoine faoi mhíchumas a chuimsiú agus déanfar freastal réasúnta ar riachtanais sna tionscadail uile. Áireofar leis sin aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas chomh maith lena áirithiú go ndéanfar bearta chun dul i ngleic le hionadaíocht tuairimí agus taithí substaintí daoine faoi mhíchumas agus chun an ionadaíocht sin a éascú.

## 3. TIONSCADAIL

Tá sé i gceist go mbeidh na trí thionscadal a ndéantar cur síos orthu thíos comhlántach agus ag tacú lena chéile, le gnéithe a bheidh ar siúl le linn na 36 mhí.

### 3.1. Tionscadal 1 - Ábhar oideachais agus fothaithe acmhainní a tháirgeadh do phobal sibhialtach IS

#### 3.1.1. Cuspóir an tionscadail

Díríonn tionscadal 1 ar an eolas agus ar na modhanna a chur ar fáil ionas go mbeidh pobal sibhialtach IS in ann meastóireacht agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hatreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha. Is é is aidhm dó ábhar oideachais agus fothaithe acmhainní a tháirgeadh a chuirfidh an fhaisnéis agus na huirlisí is gá ar fáil do chleachtóirí IS ó gach réigiún, leibhéal agus earnáil (lena n-áirítear oideoirí atá dírithe ar IS, forbróirí curaclaim, mic léinn ETIM agus innealtóirí IS agus taighdeoirí sa saol acadúil agus san earnáil phríobháideach)

(a) chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfaí taighde agus nuálaíocht shibhialtach IS a atreorú agus a mhí-úsáid ar bhealaí a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta agus conas is féidir le cinntí maidir le taighde agus nuálaíocht a fhorbairt agus a scaipeadh an baol a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid a mhéadú nó a laghdú;

(b) tuiscint a fháil ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh cheana ag an bpobal dí-armála, rialaithe arm agus neamhleata chun na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid an taighde agus na nuálaíochta sibhialtaí a mhaolú; agus

(c) nuálaíocht fhreagrach a chleachtadh ar bhealach a mhaolaíonn an riosca atreoraithe agus mí-úsáide i bhforbairt agus scaipeadh taighde agus nuálaíochta.

#### 3.1.2. Cur síos ar an tionscadal

Cuirfidh an tionscadal seo trí shraith ar leith d'ábhair oideachais agus fothaithe acmhainní ar fáil.

(a) *Lámhleabhar (1)* - Tiomsófar sa lámhleabhar eolas bunúsach agus modhanna bunúsacha do ghníomhaithe IS chun meastóireacht agus maolú a dhéanamh, sa phróiseas taighde agus nuálaíochta, ar na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid theicneolaíocht IS sibhialtaí arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha. Pléifear ansin cén fáth agus conas a d'fhéadfadh cinntí maidir le taighde agus nuálaíocht a fhorbairt agus a scaipeadh tionchar a imirt ar na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid, agus mar thoradh air sin rioscaí nó deiseanna a ghiniúint maidir leis an tsíocháin agus leis an tslándáil. Tabharfar isteach leis freisin oibleagáidí ábhartha idirnáisiúnta maidir le rialú ar onnmhairiú chomh maith le cúrsaí sábháilteachta agus slándála atá á bplé san arm, agus i measc pobail dí-armála, rialaithe arm, agus neamhleata; agus cuirfidh sé i láthair próisis shamplacha agus uirlisí chun nuálaíocht fhreagrach a chleachtadh, amhail modheolaíochtaí measúnaithe tionchair teicneolaíochta agus teimpléid le haghaidh measúnú riosca.

(b) *Sraith podchraoltaí (~10)* — Gníomhóidh na podchraoltaí sin mar mheán inrochtana tarraingteach do ghníomhaithe IS chun foghlaim faoin gcúis agus faoin gcaoi ar féidir le próisis fhreagracha nuálaíochta IS tacú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta trí na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha a mhaolú. Déanfar athbhreithniú sa tsraith ar théamaí tábhachtacha (e.g. patrún atreoraithe agus mí-úsáid taighde agus nuálaíochta dé-úsáide/úsáide ginearálta; dúshláin dhaonnúla, straitéiseacha agus pholaitiúla a bhaineann le mí-úsáid fhéideartha thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS; na dúshláin atá roimh na pobail dí-armála, rialaithe arm agus neamhleata agus iarrachtaí maolaithe riosca á ndéanamh acu; an chaoi le nuálaíocht fhreagrach a dhéanamh trí mheasúnú riosca; comhlíonadh maidir le rialú onnmhairiúcháin; laghdú riosca trí dhearadh; foilsiú freagrach; eolas a bheith agat ar do chustaiméirí; agus taithí ar chleachtaí boird) agus beidh sí bunaithe ar agallaimh a dhéanfaidh foireann an tionscadail le hionadaithe ó na pobail ábhartha.

(c) *Sraith bhlaganna (9-10)* — Forbróidh an fhoireann sraith choimeádta blaganna a bheidh dírithe ar fheasacht a ardú i leith iarracht teorainneacha a thrasnú idir an "IS freagrach" atá dírithe ar shibhialtaigh agus na pobail rialaithe arm agus neamhleata. Cuirfidh an tsraith blaganna ardán ar fáil chun léargais, smaointe agus réitigh a scaipeadh maidir le sainaithint agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid IS sibhialtach sa phróiseas taighde agus nuálaíochta. Leis an mblag, féachfar le héagsúlacht na smaointeoireachta agus na bpeirspictíochtaí atá in earnáil IS a léiriú.

Scaipfear na hábhair sin go poiblí trí shuíomhanna gréasáin na ngníomhaithe cur chun feidhme, a láithreacht ar na meáin shóisialta, agus trí chumarsáid dhíreach le heintitis acadúla ábhartha, comhlachais shibhialtacha ghairmiúla maidir le IS agus grúpaí iomchuí eile.

3.1.3. **Na torthaí lena bhfuiltear ag súil ón tionscadal**

Táthar ag súil go mbunófar leis an tionscadal seo tacar nua ábhar trína bhféadfaidh cleachtóirí IS sibhialtacha a bheith íograithe maidir leis an méid a leanas a) conas a d'fhéadfaí taighde agus nuálaíocht shibhialtach IS a atreorú agus a mhí-úsáid ar bhealaí a bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta, b) an chaoi a bhfuil aghaidh á tabhairt ar rioscaí den sórt sin ag an bpobal dí-armála, rialaithe arm, agus neamhleata, agus c) an chaoi a bhféadfadh cleachtóirí IS rannchuidiú a thuilleadh le maolú na rioscaí sin trí phróisis nuálaíochta fhreagracha.

Táthar ag súil go gcuirfidh sé seo le rannpháirtíocht earnáil shibhialtach IS chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hatreorú agus mí-úsáid IS sibhialtaigh; feabhas a chur ar chumas cleachtóirí teicniúla dul i ngleic le próisis ábhartha sa phobal dí-armála, rialaithe arm agus neamhleata chomh maith le tacú le rannpháirtíocht pobal nua nach n-áirítear go traidisiúnta in iarrachtaí oideachais dí-armála agus neamhleata.

Meastar freisin go dtacóidh an t-ábhar le cur chun feidhme na dtionscadal eile agus go mbeidh sé mar bhonn do na gníomhaíochtaí oideachais agus fothaithe acmhainneachta i dTionscadal 2 chomh maith le gníomhaíochtaí idirphlé agus rannpháirtíochta i dTionscadal 3. Táthar ag súil go gcuirfidh na gníomhaíochtaí sin le táirgeadh agus mionchoigeartú an ábhair. Meastar go gcuideoidh cur chuige atriallach den sórt sin le haghaidh a thabhairt ar bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cur chun cinn, scaipeadh agus úsáid na n-ábhar laistigh de phobal IS, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le teanga, ábhar, comhthéacs agus infhaighteacht, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar a dtionchar ar an leibhéal domhanda, go háirithe sa Domhan Theas.

3.2. **Tionscadal 2 — Gníomhaíochtaí oideachais agus fothaithe acmhainneachta do chleachtóirí IS a bheidh ann amach anseo**

3.2.1. **Cuspóir an tionscadail**

Is é is cuspóir do Thionscadal 2 tacú leis an bhfadhb a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid taighde sibhialtach IS arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha a chomhtháthú in oiliúint na nglún a bheidh ann amach anseo de chleachtóirí IS. San fhadtéarma, áiritheofar leis sin go mbeidh na mic léinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) a mhúnlaíonn todhchaí IS ar an eolas faoi na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag atreorú agus mí-úsáid a gcuid oibre arna dhéanamh ag gníomhaithe freagracha ar an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta agus go mbeidh na bunuirlisí acu is gá chun riosca den sórt sin sa phróiseas taighde agus nuálaíochta a shainaithint agus a mhaolú.

Reáchtálfaidh an tionscadal seo sraith ceardlann oideachais agus fothaithe acmhainneachta le hoideoirí agus mic léinn i gcomhar le hollscoileanna agus gníomhaithe tionscail idirnáisiúnta roghnaithe. Dá bhrí sin, féachann an tionscadal le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a fhorbairt a d'fhéadfadh oideoirí agus forbróirí curaclaim acadúla a úsáid chun oiliúint a chur ar chleachtóirí IS a bheidh ann amach anseo (e.g. cúrsaí maidir le heitic IS agus nuálaíocht fhreagrach) agus breithnithe maidir leis na rioscaí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht shibhialtach IS a atreorú agus a mhí-úsáid ag gníomhaithe mífhreagracha agus iad siúd a nascadh le mórchomhthéacs na síochána agus na slándála. Trí na ceardlanna sin, féachfaidh an tionscadal freisin le líonra d'oideoirí leasmhara, forbróirí curaclaim agus mic léinn a shainaithint a thacódh le scaipeadh agus le cur chun cinn ábhar oideachais an tionscadail agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta i bpobal oideachais IS agus i bpobal chleachtóirí IS. Leis an gcomhpháirt líonraithe sin, féachtar le hinbhuanaitheacht na dtionscadal a áirithiú thar a dtréimhse láithreach agus le naisc níos láidre a fhorbairt chun tacú le rannpháirtíocht theicniúil shibhialtach i dtreo mórspriocanna síochána, slándála, dí-armála agus rialaithe arm.

3.2.2. **Cur síos ar an tionscadal**

Reáchtálfaidh an tionscadal seo sraith ceardlann oideachais agus fothaithe acmhainneachta le hoideoirí agus mic léinn ó ollscoileanna roghnaithe ó gach cearn den domhan. Is é a bheadh i gceist leo sin meascán léachtaí agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha lena dtabharfar deiseanna d'oideoirí agus do mhic léinn machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí taighde agus nuálaíocht shibhialtach IS a atreorú agus a mhí-úsáid ar bhealaí a bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta agus ar an gcaoi ar féidir rioscaí den sórt sin a shainaithint, a chosc nó a mhaolú sa phróiseas taighde agus nuálaíochta, nó trí phróisis rialachais eile. Cuirfidh na gníomhaíochtaí sin leis an obair phíolótach ar scála níos lú a rinne UNODA roimhe seo, obair a bhain triail as modhanna chun dul i ngleic le mic léinn ETIM agus iad a chur ar an eolas faoina thábhachtaí atá sé tionchar níos leithne a gcuid oibre a mheas chomh maith le dul i ngleic le saineolas lasmuigh dá réimsí féin. Go nithiúil, d'aireofaí sna gníomhaíochtaí sin an méid a leanas:

(a) *ceardlanna réigiúnacha fothaithe acmhainneachta d'oideoirí agus do mhic léinn (4)* — déanfaidh na ceardlanna réigiúnacha gníomhaíochtaí a sheoladh agus a chur chun cinn ar féidir le hoideoirí iad a úsáid chun cur le cumas na mac léinn ETIM i nuálaíocht fhreagrach IS agus béim ar leith á leagan ar an gcaoi ar féidir meastóireacht agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid theicneolaíocht shibhialtach IS arna dhéanamh gníomhaithe neamhfhreagracha. Eagrófar gach ceardlann le hollscoil atá bunaithe san Aontas Eorpach agus le hollscoil ardphróifíle ó réigiún domhanda eile, rud a nascfaidh i gcónaí grúpa éagsúil rannpháirtithe atá bunaithe san Aontas le grúpa

éagsúil rannpháirtithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas. Clúdófar Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, Meiriceá Thuaidh, an Afraic agus an Áise agus an tAigéan Ciúin sna ceardlanna ar an dóigh sin. Tabharfaidh sé seo deis do mhic léinn páirt a ghlacadh (ag leibhéil máistreachta agus dochtúireachta) ó gach cearn den domhan, lena n-áirítear ón Domhan Theas. Dhéanfaí an cheardlann go príomha i mBéarla, ach i gcás inarb indéanta, thabharfaí an deis do rannpháirtithe dul i mbun gníomhaíochtaí bunaithe ar ghrúpálacha teanga eile; agus

(b) *ceardlann idirnáisiúnta maidir le fothú acmhainneachta inbhuanaithe (1)* — bainfidh na ceardlanna leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó na ceardlanna réigiúnacha agus éascófar malartú faisnéise agus taithí idir oideoirí agus mic léinn roghnaithe sna hollscoileanna a bhfuil baint acu leis an tionscadal. Phléifí sna ceardlanna an chaoi leis na gníomhaíochtaí agus na huirlisí a forbraíodh le linn an tionscadail a bheachtú, agus an chaoi lena scaipeadh lasmuigh de ghrúpa na n-ollscoileanna rannpháirteacha. Phléifí iontu freisin conas tacú le rannpháirtíocht na mac léinn a dhéanann staidéar ar IS fhreagrach lena dtugtar aghaidh ar rioscaí atreoraithe agus mí-úsáide don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta a luaithe a rachaidh siad isteach sa lucht saothair.

Bainfear úsáid as líonraí agus láithreacht SIPRI agus UNODA san Afraic, san Áise agus san Aigéan Ciúin, san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus i Meiriceá Theas chun gnéithe de na gníomhaíochtaí a éascú agus chun tacú leo de réir mar is iomchuí.

### 3.2.3. **Na torthaí lena bhfuiltear ag súil ón tionscadal**

Táthar ag súil go gcruthófar leis an tionscadal samhlacha fothaithe acmhainneachta agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta a d'fhéadfadh oideoirí agus forbróirí curaclaim acadúla a mhacasamhlú chun cleachtóirí IS a bheidh ann amach anseo a chur ar an eolas faoi na fadhbanna a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid IS sibhialtach arna dhéanamh ag gníomhaithe mífhreagracha agus conas is féidir leo na fadhbanna sin a mhaolú trí phróisis nuálaíochta fhreagracha. Tar éis dóibh na gníomhaíochtaí tionscadail a chur i gcrích, beifear ag súil go mbeidh na rannpháirtithe (oideoirí, ach mic léinn ETIM freisin) in ann uirlisí, modhanna agus coincheapa freagracha nuálaíochta a úsáid agus a chur chun cinn chun na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid i bhforbairt agus scaipeadh thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS a shainaithint agus a mhaolú.

Táthar ag súil freisin go nginfeadh gníomhaíochtaí an tionscadail líonra oideoirí, forbróirí curaclaim agus mac léinn a chuirfeadh chun cinn ní hamháin gníomhaíochtaí an tionscadail laistigh de phobal oideachas IS agus de phobal gairmiúil IS (e.g. le linn comhdhálacha Chumann Faisnéise Ríomhaireachtaí IEEE) ach a bheadh ar fáil freisin chun rannchuidiú le próisis rialachais idirnáisiúnta faoi stiúir an stáit (e.g. próiseas an Choinbhinsiúin maidir le hÚsáid Gnáth-Arm Áirithe i ndáil le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na gCóras Arm Uathrialach Marfach).

Léireofar luach gearrthéarmach agus fadtéarmach na ngníomhaíochtaí sin trí shuirbhéanna réamhghníomhaíochta agus iarghníomhaíochta.

## 3.3. **Tionscadal 3 — Forbairt, scaipeadh agus tionchar inbhuanaithe fadtéarmach na nuálaíochta freagraí in IS a éascú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an tslándáil**

### 3.3.1. **Cuspóir an tionscadail**

Is é is cuspóir do Thionscadal 3 forbairt, scaipeadh agus tionchar inbhuanaithe fadtéarmach na nuálaíochta freagraí in IS a éascú mar mhodh chun na rioscaí don tsíocháin agus don tslándáil a mhaolú a d'fhéadfadh teacht ó atreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS. Tá sé i gceist go ndéanfaí sin trí chruinnithe comhchéime le tionscal IS, trí idirphlé il-gheallsealbhóra, trí thuarascáil phoiblí a chruthú, agus trí ghníomhaíochtaí scaipthe spriocdhírithe. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal a áirithiú go rachaidh an obair a ghintear, go háirithe na gníomhaíochtaí oideachais, fothaithe acmhainneachta agus rannpháirtíochta, i gcion ar phobal IS i gcoitinne agus go n-imreoidh sé tionchar orthu, ar gach leibhéal (idir mhic léinn agus innealtóirí agus ghairmithe eile IS) gan beann ar theorainneacha geografacha, earnála agus eile. Chun gur dóichí go mbeifear in ann tionchar leathan domhain a imirt, tá sé ríthábhachtach comhoibriú le heagraíochtaí gairmiúla sa réimse seo, amhail IEEE, agus rannpháirtíocht ilghnéitheach a chothú leis an saol acadúil, leis an tionsclaíocht agus le hearnálacha eile. Leis na hiarrachtaí sin, tabharfar an deis d'ionadaithe leasmhara ó phobail éagsúla IS úinéireacht a ghlacadh ar an bhfadhb agus a dtuairimí féin a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhféadfaí iarrachtaí maolaithe riosca a dhéanamh agus a chur chun cinn go hinbhuanaithe laistigh de phobal domhanda IS agus ar fud an phobail sin. Tá sé tábhachtach freisin ó thaobh luach fadtéarmach an tionscadail do stáit, d'eagraíochtaí idir-rialtasacha agus do dhreamanna eile gur féidir le cleachtóirí IS a bheith rannpháirteach le saineolaithe rialtais, agus foghlaim uathu, ar saineolaithe iad a bhíonn ag gabháil do mhaolú riosca i gcomhthéacs na dí-armála, an rialaithe arm agus an neamhleata. Tá sé ríthábhachtach freisin don inbhuanaitheacht go n-áiritheofar go ndéanfar anailís, comhdhlúthú agus scaipeadh iomchuí ar na léargais a ghintear trí na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta.

3.3.2. **Cur síos ar an tionscadal**

Is é atá sa tionscadal seo na príomhshnáitheanna seo a leanas:

(a) *idirphlé il-gheallsealbhóra maidir le "nuálaíocht fhreagrach IS ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an tslándáil" (suas le 9)* — leis an tsraith seo de chruinnithe idirphlé fíorúla thabharfaí le chéile saineolaithe ón saol acadúil, ó lucht taighde, ón earnáil phríobháideach, agus ó lucht rialaithe arm traidisiúnta, ón Aontas agus lasmuigh de, chun plé a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

i. treochtaí teicneolaíochta a d'fhéadfadh rioscaí maidir le hidirleathadh, atreorú agus mí-úsáid a chruthú a mbeadh tionchar acu ar an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta;

ii. conas dul i mbun maolú riosca trí phróisis, modhanna agus meáin nuálaíochta freagraí, agus trí dheiseanna agus dúshláin maidir le hidirphlé agus comhroinnt eolais idir pobail geallsealbhóirí, lena n-áirítear iad siúd atá ag feidhmiú in earnálacha eile amhail an earnáil bhitheolaíoch agus earnáil na gceimiceán; agus

iii. an luach, an cuspóir agus an fhormáid a d'fhéadfadh a bheith ag líonra féinchothaitheach saineolaithe agus gníomhaíochtaí idirphlé. Tiocfaidh an grúpa saineolaithe le chéile roinnt uaireanta sa bhliain agus oibreoidh sé i dtreo dhá imeacht phoiblí a eagrú don phobal i gcoitinne.

As na naoi gcruinniú fhíorúla, tá sé beartaithe go mbeidh dhá cheann ar oscailt don phobal, chun comhairliúchán níos leithne a éascú.

(b) *cruinnithe comhchéime san earnáil phríobháideach (suas le 6)* — cuirfidh an tsraith seo cruinnithe comhchéime fíorúla tús le hidirphlé le gníomhaithe atá ag obair le próisis nuálaíochta freagraí IS san earnáil phríobháideach (e.g. Comhpháirtíocht maidir le IS) i ndáil le conas is féidir leo rannchuidiú le híoslaghdú na rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid theicneolaíochtaí sibhialtacha IS arna dhéanamh ag gníomhaithe neamhfhreagracha, chomh maith le féachaint ar dhreasachtaí féideartha i gcomhthéacs fhorbairt na hearnála príobháidí chun an méid sin a bhaint amach. I measc na n-ábhar beidh:

i. ábharthacht chomhthéacs na slándála agus na dí-armála idirnáisiúnta don earnáil phríobháideach;

ii. an timpeallacht dhlíthiúil nó na timpeallachtaí dlíthiúla ina ndéantar IS a fhorbairt, a imscaradh agus a oibriú ar fud an domhain;

iii. conas cur le sásraí measúnaithe riosca agus le bearta eile atá mar chuid de phróisis nuálaíochta freagraí agus de chláir comhlíontachta corparáidí, nó a d'fhéadfaí sin a chomhtháthú iontu; agus

iv. ceachtanna atá le foghlaim ó earnálacha, ó phróisis agus ó chreataí eile a bhaineann le rialú arm (e.g. an earnáil bhitheolaíoch agus earnáil na gceimiceán).

(c) *tuarascáil maidir le peirspictíochtaí phobal IS maidir le rialú arm agus maolú riosca in IS, atá dírithe ar phobail IS agus ar phobail rialaithe arm (1)* — déanfar torthaí agus moltaí an tionscadail a chomhtháthú agus a chomhdhlúthú i ndoiciméad tagartha aonair atá dírithe ar phobail fhreagracha shibhialtacha IS agus ar phobail rialaithe arm araon. Dhéanfaí plé sa tuarascáil ar an gcaoi ar féidir rioscaí idirnáisiúnta síochána agus slándála a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS a shainaithint, a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu.

(d) *imeachtaí scaipthe dírithe ar chomhairliúchán agus ar rannpháirtíocht le pobail IS agus le pobail rialaithe arm (le cinneadh)* — lorgóidh an fhoireann deiseanna chun an obair agus a torthaí agus a moltaí a chur in iúl i rith an tionscadail ar fad. Chuirfí formáid na n-imeachtaí agus ábhar na gcur i láthair in oiriúint do riachtanais na spriocghrúpaí. Féadfar a áireamh orthu sin cruinnithe CONOP, Tionól na Comhghuaillíochta Eorpaí um an Intleacht Shaorga; an Grúpa Saineolaithe Rialtais um theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na gcóras arm uathrialaitheach marfach; an Mheitheal Idirinstitiúideach um IS (IAWG-AI); tionscnamh *AI for Good* an Aontais Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU); Idirphlé Nuálaíochta Bliantúil UNIDIR; agus Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonacha. Dhéanfadh an fhoireann iarracht freisin a bheith rannpháirteach go déthaobhach le geallsealbhóirí ábhartha ó rialtais, ón saol acadúil agus ón earnáil phríobháideach.

3.3.3. **Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ón tionscadal**

Táthar ag súil go leagfar síos leis an tionscadal seo na fothaí d'fhorbairt inbhuanaithe, scaipeadh agus tionchar nuálaíocht fhreagrach na bpróiseas IS lena dtugtar aghaidh ar rioscaí idirleata, atreoraithe agus mí-úsáide agus ar na himpleachtaí don tsíocháin agus don tslándáil tar éis ré láithreach chinneadh na Comhairle.

Táthar ag súil go soláthrófar leis an idirphlé il-gheallsealbhóra samhail le haghaidh comhroinnt faisnéise agus comhoibriú maidir le maolú riosca ní hamháin laistigh den phobal domhanda IS ach freisin idir pobal freagrach sibhialtach IS agus na pobail dí-armála, rialaithe arm agus neamhleata. D'fhéadfaí samhail den sórt sin a úsáid chun lucht déanta beartas a chur ar an eolas maidir le haon dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch tábhachtach atá ábhartha do nuálaíocht fhreagrach IS agus chun eolas a thabhairt do lucht teicneolaíochta faoin timpeallacht ina bhfuil lucht déanta beartas ag feidhmiú faoi láthair. Táthar ag súil go n-éascóidh an tionscadal caidrimh inbhuanaithe agus rannpháirtíocht idir geallsealbhóirí laistigh de na pobail éagsúla sin agus ar fud na bpobal sin. Leis na héifeachtaí ilchineálacha líonra sin, táthar ag súil go mbeifear in ann nuálaíocht fhreagrach IS ar mhaithe leis an tsíocháin agus an tslándáil a fhorbairt níos mó agus a chur chun cinn go forleathan tar éis thráthchlár an tionscadail.

Táthar ag súil go gcumasóidh idirphlé na hearnála príobháidí rannpháirtíocht níos mó agus níos doimhne d'earnáil phríobháideach IS maidir leis na rioscaí síochána agus slándála a eascraíonn as atreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS a shainaithint, a chosc agus a mhaolú. Táthar ag súil go dtabharfaidh an tionscadal tuiscint agus úinéireacht níos fearr do phríomhghníomhaithe i bpróisis na hearnála príobháidí ar na fadhbanna a bhfuiltear ag iarraidh aghaidh a thabhairt orthu leis. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige glacadh agus cur chun feidhme próiseas, modhanna agus meán nuálaíochta freagraí a éascú sna sásraí agus sna nósanna imeachta bainistithe riosca chorparáidigh atá ann cheana.

Meastar freisin go nginfidh an t-idirphlé il-gheallsealbhóra agus an cruinniú comhchéime san earnáil phríobháideach léargais ar roinnt saincheisteanna substaintiúla, lena n-áirítear (a) conas is féidir modhanna agus meáin nuálaíochta freagraí a bheachtú a thuilleadh agus a úsáid chun rioscaí a bhaineann le hatreorú agus mí-úsáid thaighde agus nuálaíocht shibhialtach IS a shainaithint, a chosc agus a mhaolú; (b) conas is féidir leas dearfach a bhaint as taighde agus nuálaíocht IS chun tacú le cuspóirí síochána agus slándála (e.g. iarratais ar luathrabhadh coinbhleachta agus ar chúnamh daonnúil); agus (c) conas idirphlé agus comhroinnt faisnéise níos fearr a éascú idir iarrachtaí maolaithe riosca arna ndéanamh i bpobal freagrach sibhialtach IS (i.e. tionscnaimh éagsúla faoi stiúir IEEE) agus iad siúd atá ar siúl cheana sa phobal dí-armála, rialaithe arm agus neamhleata ar leibhéal idir-rialtasach.

Leis an tuarascáil agus na gníomhaíochtaí scaipthe, déanfar anailís, comhdhlúthú agus scaipeadh ar léargais a ghintear trí Thionscadail 1, 2 agus 3, agus ar an gcaoi sin tacófar le torthaí agus moltaí ghníomhaíochtaí an tionscadail a chur chun cinn laistigh de phobal domhanda IS, agus laistigh den phobal beartais chomh maith. Táthar ag súil freisin go gcuideoidh siad le hinbhuanaitheacht an tionchair a áirithiú tar éis thráthchlár na dtionscadal.

## 4. **RÉ**

Is é 36 mhí ré iomlán mheasta chur chun feidhme an tionscadail.